

Nuair a bhuail Jackie le cara nua Ceacht a Trí

Naisc leis an gCuraclam:		

Gníomhaíocht a hAon - Puipéid **Gníomhaíocht a Dó – Ag leiriú an scéil Nuair a bhuail Jackie le cara nua** **Gníomhaíocht a Trí – Cathaoir an Ealaíontóra**

Gníomhaíocht a hAon - Puipéid

Roghnaigh ceann amháin acu seo: **Puipéid Stocaí** nó **Puipéid Méar** (Láimhíní rubair)

Puipéid Stocaí:

- Cuir na páistí i mbeirteanna. I ngach beirt, déanfaidh duine amháin puipéad de Jackie agus déanfaidh an duine eile puipéad de Jamie.
- Taispeáin do na páistí cad atá le déanamh.
- Cuir an stoca ar do lámh agus déan comhartha san áit cheart do na súile agus an béal.
- Iarr ar na páistí aithris a dhéanamh ar an méid seo.
- Taispeáin dóibh conas gliú agus ábhair eile a úsáid céim ar chéim – mar shampla: cnaipí a úsáid do na súile, gruaig/olann a ghreamadh ar an gceann, rudaí/ábhair eile a chur leis.

Puipéid Méar:

- Cuir na páistí i mbeirteanna. I ngach beirt, déanfaidh duine amháin puipéad de Jackie agus déanfaidh an duine eile puipéad de Jamie.
- Taispeáin do na páistí cad atá le déanamh.
- Taispeáin do na páistí méar amháin gearrtha ó láimhíní rubair agus cuir ar do mhéar féin é. Déan cinne cén áit a rachaidh na súile, srón, béal.
- Tabhair amach méar amháin do gach páiste.
- Iarr ar na páistí na haghaidheanna srl a chur ar na puipéid céim ar chéim (ag taispeáint dóibh conas é seo a dhéanamh más gá).

Gníomhaíocht a Dó - Ag leiriú an scéil Nuair a bhuail Jackie le cara nua

- Cuir an scéal i gcuimhne do na páistí (Nuair a bhuail Jackie le cara nua).
- Iarr ar gach beirt radharcanna ón dráma a roghnú, a phé agus a chur i láthair lena bpuipéid féin.
- Déan cinnte go ndéanann gach beirt an radharc seo ag críochnú: socraíonn Jackie agus Jamie go mbeidh siad mar chairde, agus go mbeidh siad ag súgradh le chéile.
- Tabhair deis do na páistí a radharcanna a chleachtadh agus b'fhéidir cuid acu a léiriú os comhair a chéile.

Gníomhaíocht a Trí - Cathaoir an Ealaíontóra

- Tabhair cuireadh do gach páiste suí i gCathaoir an Ealaíontóra agus cur síos a dhéanamh ar a p(h)uipéad féin.
- Cothaigh plé.
- Bíodh na puipéid le feiceáil ar thaispeántas sa seomra ranga/sa scoil.